Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15737/23**

**COLAC 152**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3985ú cruinniú a bhí aici an 21 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib**

1. Tá comhpháirtíocht straitéiseach níos láidre agus nuachóirithe idir an tAontas Eorpach (AE) agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib (MLC) níos tábhachtaí anois ná riamh. Trí dhul i gcomhar le chéile, is féidir leis an Aontas agus le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib difríocht fhiúntach a dhéanamh i dtaca leis an bhfás inbhuanaithe a chur chun cinn, sochaithe córa athléimneacha a thógáil agus an tsíocháin agus an tslándáil, an t-iltaobhachas cuimsitheach agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur ar aghaidh. Ní mór luachanna comhroinnte, go háirithe an daonlathas, an smacht reachta, comhionannas inscne, agus urraim do chearta an duine, a bheith i gcroílár an chaidrimh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Le chéile, is láidre iad an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus is fearr is féidir leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla a bhaineann le domhan an lae inniu, lena n-áirítear na géarchéimeanna domhanda aeráide agus comhshaoil.

2. Ag an tríú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC) a tionóladh sa Bhruiséil an 17 agus an 18 Iúil 2023, athsheoladh an caidreamh déréigiúnach ar an leibhéal is airde agus athdhearbhaíodh an chomhpháirtíocht uathúil idir an dá réigiún. Le hidirphlé oscailte, cuimsitheach agus cuiditheach, bhí an dá réigiún in ann tuiscint níos fearr a fháil ar leasanna, tosaíochtaí agus ábhair imní a chéile. Tá sé tábhachtach go leanfaí den phróiseas seo ina mbíonn rannpháirtíocht níos dlúithe, lena n-áirítear trí theagmhálacha níos mó agus níos mó cuairteanna ardleibhéil idir an tAontas agus tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib.

3. Leagadh amach ag an gCruinniú Mullaigh comhchlár oibre uaillmhianach agus réamhbhreathnaitheach ar cheart é a chur chun feidhme sna blianta atá le teacht. Molann an Chomhairle an móiminteam nua sa chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus is díol sásaimh di an Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal 'Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib' ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, lena n-áirítear na tosaíochtaí a leagadh amach agus na gníomhaíochtaí a mholtar.

4. Eascraíonn neart na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib as tiomantas bunúsach an dá réigiún do na cuspóirí agus do na prionsabail uile a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe (NA), lena n-áirítear prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí, agus i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus sa dlí daonnúil idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a urramú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, cosaint chosantóirí chearta an duine agus iriseoirí. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin gur gá an smacht reachta agus an daonlathas a neartú, lena n-áirítear toghcháin shaora, chothroma, chuimsitheacha, thrédhearcacha agus inchreidte agus comhionannas inscne. Leanfaidh an tAontas d'idirphlé dlúth le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir leis na prionsabail sin a chur chun feidhme agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn cur chuige bunaithe ar chearta a chur chun cinn, dul i ngleic le neamhionannais, an ceart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a bheith ag daoine a chur chun cinn, an spás sibhialta a chosaint agus gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear ar fhorais ghnéis, chine, bunaidh eitnigh nó shóisialta, reiligiúin nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó eile, míchumais, aoise, gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne.

5. Leanfaidh an tAontas dá theagmhálacha le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le cogadh foghach, gan chúis gan údar, na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus maidir lena iarmhairtí i bhfad lasmuigh den Eoraip. I nDearbhú an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus CELAC, chuir ceannairí an dá réigiún in iúl gur cúis mhór imní dóibh an cogadh leanúnach i gcoinne na hÚcráine, arb é is cúis fós le daoine a bheith ag fulaingt go géar agus atá ag cur leis na leochaileachtaí atá ann cheana sa gheilleagar domhanda, ag cur srian ar an bhfás, ag méadú ar bhoilsciú, ag cur isteach ar shlabhraí soláthair, ag géarú ar neamhshlándáil fuinnimh agus bia agus ag méadú ar rioscaí maidir le cobhsaíocht airgeadais. Chuir na ceannairí in iúl freisin go dtacaíonn siad leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar shíocháin chóir inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe. Lorgóidh an tAontas tacaíocht ó thíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib d'Fhoirmle Shíochána na hÚcráine, lena n-áirítear trí Chruinniú Mullaigh ar mhaithe le Foirmle Shíochána atá ar na bacáin, cuntasacht as coireanna cogaidh, as coir an fhogha agus coireanna fíorthromchúiseacha eile a rinneadh le linn an chogaidh agus trí chur i gcoinne bhréagaisnéis na Rúise.

6. Tá gá le rannpháirtíocht pholaitiúil athnuaite ar gach leibhéal agus i bhfóraim iltaobhacha ar mhaithe le comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Ar an leibhéal déréigiúnach, leanfaidh an tAontas d'fheabhas a chur ar idirphlé cuimsitheach agus comhar le CELAC trí chruinnithe mullaigh a thionól gach 2 bhliain, an chéad cheann eile sa Cholóim in 2025, agus trí chruinnithe tráthrialta na nAirí Gnóthaí Eachtracha. Is díol sásaimh don Chomhairle treochlár déréigiúnach 2023-2025 a cuireadh i láthair ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus CELAC agus tá sí ag tnúth lena chur chun feidhme. Molann an Chomhairle an sásra comhairleach comhordúcháin a comhaontaíodh a chur ar bun go pras chun gealltanais chomhroinnte a chur chun cinn.

7. Leanfaidh an tAontas dá theagmhálacha i réigiún Mhuir Chairib mar fhoréigiún ar leith lena shainiúlachtaí féin, tar éis an chruinnithe idir ceannairí an Aontais agus Mhuir Chairib a bhí ar siúl sa Bhruiséil an 17 Iúil 2023. Cabhróidh cruinniú aireachta AE-an Chairib in 2024 leis an gcomhchlár oibre a threisiú ar cuid de iad comhar maidir leis an athrú aeráide, maolú an dífhoraoisithe, cosaint na bithéagsúlachta, athchóiriú an chórais airgeadais idirnáisiúnta, rannpháirtíocht na hearnála príobháidí go háirithe tríd an gclár oibre infheistíochta 'Global Gateway' idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, cuimsiú sóisialta, forbairt dhaonna agus dúshláin slándála. Saothrófar an caidreamh a bheidh ann amach anseo i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta nua idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (AE-ESACC) agus prótacal réigiúnach Mhuir Chairib. Athdhearbhaíonn an tAontas gur gá aird chuí a thabhairt ar na dúshláin maidir le forbairt inbhuanaithe atá ag stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDS) i bhfianaise a leochaileachta ar leith don athrú aeráide, lena n-áirítear ardú ar leibhéal na farraige. Tá béim á leagan ar an méid sin freisin le súil ar an gceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha in Antigua agus Barbúda i mí na Bealtaine 2024. Leanfar freisin den chomhar idir Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach a neartú, mar aon leis na tíortha agus críocha thar lear atá suite i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib.

8. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta atá dírithe ar na dálaí rialachais agus slándála is gá a athbhunú chun toghcháin shaora a reáchtáil i Háítí, rochtain dhaonnúil a áirithiú do phobail a bhfuil cosaint de dhíth orthu, agus aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim ilghnéitheach atá ag dul in olcas.

9. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach le grúpálacha foréigiúnacha eile, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach sa réigiún. Tá an tAontas tiomanta cruinnithe mullaigh tráthrialta a thionól leis na comhpháirtithe straitéiseacha, an Bhrasaíl agus Meicsiceo. Leanfaidh sé den idirphlé polaitiúil déthaobhach a neartú agus de theagmháil chuiditheach de mheon cuimsitheach a dhéanamh leis na tíortha sa réigiún, agus aitheantas á thabhairt freisin do ról agus rannchuidiú ríthábhachtach eagraíochtaí na sochaí sibhialta i ndáil leis an méid sin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú go gníomhach leis an tsíocháin agus le réitigh dhaonlathacha sa réigiún, mar atá á dhéanamh i gcás an phróisis síochána sa Cholóim agus i gcás na caibidlíochta faoi stiúir Veiniséala faoi phróiseas Mheicsiceo.

10. Ar an leibhéal iltaobhach, is comhpháirtithe nádúrtha iad an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus ba cheart dóibh a gcomhar a neartú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin réigiúnacha agus dhomhanda. Tá an tAontas tiomanta oibriú le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur chun feidhme, agus oibriú ar athchóiriú an rialachais dhomhanda, lena n-áirítear an t-ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta, chun é a dhéanamh níos cuimsithí agus níos éifeachtaí. Ba cheart leanúint de rannpháirtíocht láidir AE-MLC ag na Náisiúin Aontaithe agus de theagmhálacha tráthrialta idir an tAontas agus an Córas Idir-Mheiriceánach um Chearta an Duine. Ba cheart an comhar i gcomhthéacs na hEagraíochta Domhanda Trádála, go háirithe maidir leis an 13ú Comhdháil Aireachta (MC13) atá ar na bacáin agus próiseas leanúnach athchóirithe na hEagraíochta Domhanda Trádála, a neartú.

11. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé clár oibre láidir trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a neartú agus a fhorbairt, bunaithe ar líonra fairsing de chomhaontuithe trádála agus comhlachais dhéthaobhacha agus réigiúnacha idir an dá réigiún. Is tosaíochtaí tábhachtacha iad comhaontuithe atá ann cheana a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus comhaontuithe a síníodh agus atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair a dhaingniú. Is díol sásaimh don Chomhairle é go mbeidh comhaontú nuachóirithe an Aontais leis an tSile á shíniú go luath agus tá sí ag tnúth le bailchríoch a chur go pras ar an gcomhaontú nuachóirithe le Meicsiceo agus tugann sí dá haire an obair leanúnach atá á déanamh idir an tAontas agus Mercosur.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle an clár oibre infheistíochta 'Global Gateway' (GGIA) idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, a léiríonn tosaíochtaí coiteanna an Aontais agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib agus a bhfuil na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta is airde mar bhonn taca leis, chomh maith le trédhearcacht, ar léiriú iad ar an mbealach a ndéanann an Eoraip a cuid gnó. Mar a athdhearbhaíodh ag an gcéad chruinniú riamh d'Airí Eacnamaíochta agus Airgeadais an Aontais agus CELAC, a bhí ar siúl in Santiago de Compostela an 15 Meán Fómhair 2023, beidh ról ríthábhachtach ag GGIA idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí infheistíochta sa réigiún, agus é d'aidhm aige caipiteal príobháideach agus cistiú poiblí araon a shlógadh ón Aontas agus óna Bhallstáit, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. Cuideoidh sé freisin le haistriú cothrom, glas agus digiteach a chur chun cinn sa dá réigiún trí thacú le slabhraí luacha áitiúla, fás, forbairt dhaonna, athléimneacht sláinte agus poist chuibhiúla, agus comhar á chur chun cinn ag an am céanna maidir leis an gclaochlú digiteach, oideachas, timpeallacht ghnó atá freagrach go sóisialta, iompar, slabhraí soláthair inbhuanaithe, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, éifeachtúlacht fuinnimh, teicneolaíochtaí ísealcharbóin sábháilte agus inbhuanaithe, oiriúnú don athrú aeráide, uisce agus eile.

13. Agus é á aithint aici go bhfuil gá le comhpháirtíocht neartaithe idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir leis an aistriú glas mar gheall ar na trí ghéarchéim phláinéadacha, is é sin an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an truailliú, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé idirphlé níos mó a bheith ann, agus a thábhachtaí atá sé na creataí rialála, an t-oideachas, an taighde agus an nuálaíocht aeráide a neartú, chomh maith le hinfheistíochtaí, i bhfianaise na hacmhainneachta suntasaí atá ann maidir le comhar i dtreo geilleagair atá aeráidneodrach agus dearfach ó thaobh an dúlra de. Is príomhchuspóirí comhroinnte fós iad cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear go mbeifear in ann an sprioc 1.5 °C a bhaint amach, chomh maith leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal, an Creat Domhanda maidir le Ceimiceáin, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, Clár Oibre Gníomhaíochta Uisce Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe agus Conradh na Mórmhara, chomh maith leis an gcaibidlíocht leanúnach maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le truailliú plaisteach atá faoi chathaoirleacht Pheiriú agus Eacuadór. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun Gealltanas Domhanda a bhunú chun acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus chun iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt ar an leibhéal domhanda faoi 2030. Agus é á aithint aici go bhfuil ról lárnach ag foraois bháistí na hAmasóine agus a thábhachtaí atá sé an dífhoraoisiú san Amasóin agus i gcoillearnacha eile a chomhrac, is díol sásaimh don Chomhairle Dearbhú Belém a ghlac Eagraíocht Chonradh Comhair na hAmasóine i mí Lúnasa 2023 agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sé ríthábhachtach dul i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí, go háirithe i gcomhthéacs rialachán an Aontais maidir le slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. Molann an Chomhairle gníomhaíochtaí agus gealltanais maidir leis na haigéin a chosaint, a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe i bhfianaise na Comhdhála ‘Our Ocean’ a bheidh ar siúl san Aithin i mí Aibreáin 2024, agus an tríú Comhdháil Aigéin de chuid na Náisiún Aontaithe arna hóstáil ag Cósta Ríce agus ag an bhFrainc in Nice i mí an Mheithimh 2025. Tá an tAontas réidh chun oibriú le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun dlús a chur le gníomhaíochtaí maidir le huisce glan agus sláintíocht do chách, chomh maith le bainistiú comhtháite acmhainní uisce a chur chun cinn. Agus aird á tabhairt aige ar an bhfreagracht atá ar an dá ilchríoch as slándáil bia dhomhanda fhadtéarmach, oibreoidh an tAontas i gcomhar le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht na gcóras táirgthe bia a fheabhsú agus bainfidh sé leas as sásraí idirphlé agus comhair, lena n-áirítear sa taighde, *inter alia* chun bainistiú inbhuanaithe leasachán agus lotnaidicídí a chur chun cinn agus chun sláinte ithreach a fheabhsú.

14. Tá an tAontas tiomanta do bheith ag obair le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun samhail atá freagrach, duinelárnach agus bunaithe ar chearta a chur chun cinn le haghaidh claochlú digiteach cuimsitheach lena ndéantar cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais a choimirciú mar chearta bunúsacha, lena neartaítear nascacht dhigiteach shlán uilíoch agus cibearshlándáil, lena dtacaítear le hidirlíon atá saor, oscailte agus iontaofa, lena gcuirtear cóineasú an bheartais dhigitigh chun cinn agus lena ndúntar bearnaí digiteacha, go háirithe an deighilt dhigiteach idir na hinscní, agus lena gcothaítear forbairt agus úsáid iontaofa na hintleachta saorga. Is í an Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a thugann aghaidh ar na réimsí gníomhaíochta sin, rud atá oscailte i gcónaí do thíortha leasmhara uile Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ar bhonn luachanna comhroinnte, agus tugtar aghaidh orthu freisin sa Dearbhú Comhpháirteach uaithi i mí Iúil 2023. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad Idirphlé Déréigiúnach maidir leis an mBeartas Digiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib i mí na Samhna 2023 mar chloch mhíle thábhachtach. Chun cur chun feidhme na Comhghuaillíochta Digití idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a chur chun cinn, oibreoidh an tAontas i bhFoireann na hEorpa freisin agus leas á bhaint aige as an Mol 'Digitiú don Fhorbairt' (Mol D4D). Tá an Chomhairle ag súil le hinsealbhú lárionad réigiúnach Copernicus i bPanama agus le leathnú chábla snáthoptaice BELLA, lena dtógfar croí-nascacht dhigiteach shlán.

15. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an ceartas sóisialta sa dá réigiún agus molann sí go gcuirfí dlús leis an obair chomhpháirteach chun an méid seo a leanas a chur chun cinn: comhtháthú sóisialta, comhionannas inscne, neamhionannais agus idirdhealú ar aon fhoras a ghleic, chomh maith le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc agus a dhíothú, lena n-áirítear nuair a tharlaíonn sé trí úsáid na teicneolaíochta nó nuair a éascaítear é leis an teicneolaíocht. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn agus fás cuimsitheach a éascú lena dtabharfar aghaidh ar na riachtanais éagsúla agus lena gcuirtear deiseanna comhionanna ar fáil do dhaoine óga, pobail dhúchasacha, daoine de bhunús na hAfraice, daoine LGBTI, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. Tá an tAontas réidh chun an obair a thabhairt ar aghaidh ar an gcomhpháirtíocht dhéréigiúnach maidir le hathléimneacht na gcóras sláinte agus monarú áitiúil vacsaíní, chomh maith le tionscnamh réigiúnach Fhoireann na hEorpa maidir le sochaithe cuimsitheacha comhionanna. Aithníonn an Chomhairle an gá atá le rannpháirtíocht leathan maidir leis an gceartas sóisialta a chur chun feidhme agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus comhairliúchán na sochaí sibhialta i ngach earnáil.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint d'iarrachtaí tacaíochta agus abhcóideachta chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla a bhfuil tionchar acu ar Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Agus é á aithint aici go bhfuil réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ar cheann de na réigiúin is mó atá neamhchosanta ar thubaistí nádúrtha, is díol sásaimh don Aontas an comhar foriomlán méadaithe i réimse na hullmhachta maidir le tubaistí agus an bhainistithe riosca tubaistí, chomh maith le malartú dea-chleachtas idir an tAontas agus réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, atá le cur ar bhonn foirmiúil le Meabhrán Tuisceana maidir leis na saincheisteanna sin idir an tAontas agus na comhlachtaí réigiúnacha idir-rialtasacha ábhartha agus na tíortha ábhartha i Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

17. Iarrann an Chomhairle go mbeadh comhar níos láidre ann idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir leis an gceartas agus an tslándáil ar gach leibhéal mar ábhar tosaíochta chun dul i ngleic leis an iliomad dúshlán atá ann agus atá ag éirí níos suntasaí de bharr na coireachta eagraithe trasnáisiúnta a mbíonn tionchar diúltach aici ar dhá thaobh an Atlantaigh. Áirítear orthu sin líonraí coiriúla ardriosca, drugaí, airm thine agus gáinneáil ar dhaoine, chomh maith le héilliú, coireacht airgeadais agus chomhshaoil, bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear cibearchoireacht, bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Ag tógáil ar an obair chomhpháirteach a raibh toradh rathúil uirthi sa chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le ceartas agus slándáil, agus an dearbhú ón Aontas agus ó Choiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach an 28 Meán Fómhair 2023 agus céim uaillmhianach II de chlár EL PAcCTO á gcur san áireamh, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le slándáil agus ceartas. I bhfianaise an chur chuige atá á ghlacadh ag tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, ar cur chuige níos iomlánaíche atá ann, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála, tá an tAontas tiomanta do dhlús a chur leis an gcomhar le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib maidir leis an gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta a chomhrac, bunaithe ar an smacht reachta agus ar ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha, spreagthóirí brabúis a ghleic, soláthar agus éileamh drugaí a laghdú, coireacht a chosc, chomh maith le fothú acmhainneachta institiúidí agus comhchaighdeáin a chur chun cinn. Tá an Chomhairle ag súil leis an gcruinniú ardleibhéil a bheidh ag Sásra Comhordúcháin agus Comhair AE-CELAC maidir le Drugaí in 2024.

18. Maidir le slándáil agus cosaint, is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht thíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib i misin agus in oibríochtaí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais (CBSC), agus molann sí tuilleadh gníomhaíochtaí comhpháirteacha, i gcomhthéacs Láithreachtaí Muirí Comhordaithe an Aontais i Murascaill na Guine, cuir i gcás, chomh maith le hidirphlé neartaithe le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib maidir le hábhair CBSC, mar shampla an t-idirphlé leis an gColóim agus leis an tSile.

19. Agus é á aithint aici go bhfuil ról ríthábhachtach ag an taighde agus ag an nuálaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, mar shampla an dá aistriú, an tsláinte dhomhanda, agus réimsí tosaíochta eile, iarrann an Chomhairle go leanfaí leis an idirphlé déréigiúnach agus go neartófaí é trí Thionscnamh Comhpháirteach AE-CELAC maidir le Taighde agus Nuálaíocht (T&N) tríd an treochlár straitéiseach T&N a thabhairt cothrom le dáta lena n-áirítear maidir leis an eolaíocht oscailte agus ról na lárionad taighde a neartú. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an gcomhar i réimse an ardoideachais lena gcuirfear ar chumas mac léinn, foirne acadúla agus taighdeoirí ón dá réigiún tairbhe a bhaint as an tsoghluaisteacht agus as deiseanna comhchosúla agus cuireann sí i bhfios go láidir go bhféadfadh comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha a bheith ina gcomhpháirtithe ábhartha chun tuilleadh comhair a fhorbairt le comhpháirtithe CELAC, ag cur leis na deiseanna comhair idirnáisiúnta atá ann. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh tionscnaimh duine le duine i gcroílár na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib i gcónaí agus iarrann sí ar na comhpháirtithe uile leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus+ agus le Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie faoi chuimsiú Fís Eorpach.

20. Ós díol sásaimh di an plé a rinneadh ag Fóram an Aontais agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib darb ainm 'Comhpháirtithe ar son Athraithe', lena n-áirítear an óige, an tsochaí shibhialta agus údaráis áitiúla, agus an cruinniú comhchéime gnó a eagraíodh roimh an gCruinniú Mullaigh, agus aird á tabhairt ar na moltaí a rinne siad, aithníonn an Chomhairle an rannchuidiú tábhachtach atá á dhéanamh ag an tsochaí shibhialta leis an gcomhpháirtíocht dhéréigiúnach agus iarrann sí go ndéanfaí an t-idirphlé leis an óige, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, leis an earnáil phríobháideach, le ceardchumainn agus le húdaráis áitiúla a dhoimhniú agus a struchtúrú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeidh an tsochaí shibhialta agus an óige lánpháirteach i ngach gné den chomhpháirtíocht le LAC. Is díol sásaimh don Chomhairle an ról gníomhach atá ag Tionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh (EuroLat), Fondúireacht Idirnáisiúnta an Aontais agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chomh maith le meithleacha machnaimh agus lucht acadúil, agus tacaíonn sí leis an ról sin. Is tosaíochtaí tábhachtacha iad freisin iarrachtaí taidhleoireachta poiblí an Aontais, taidhleoireacht chultúrtha agus cur chun cinn an chaidrimh chultúrtha idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. I ndáil leis an méid sin, cloch mhíle thábhachtach a bheidh i rannpháirtíocht an Aontais den chéad uair mar aoi oinigh san Aonach Idirnáisiúnta Leabhar in Guadalajara, Meicsiceo, ón 25 Samhain go dtí an 3 Nollaig 2023.